Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
January 2020

Matamaitic

Aonad M5 Páipéar 1
(Gan áireamhán)
Bonnsraith

GMC51

[GMC51]
DÉ CÉADAOIN 15 EANÁIR, 9.15am–10.15am

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na trí cheist **déag.**
Ba chóir an obair go léir a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir go mbeadh rialóir, compáis agus uillinntomhas agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

Bileog Foirmlí

Achar traipéisiam $= \frac{1}{2}(a+b)h$



Toirt phriosma = achar trasghearrtha × fad



12509.04

20GMC5102

1 Tá dhá siopa ag tairiscint na margaí seo a leanas:

Bothán Cluiche
Consól cluichí £329 móide cluiche ar bith ar £35 sa bhreis

Crios Imeartha
Consól cluichí móide cluiche ar bith
Éarlais £40 móide 6 íocaíocht mhíosúla de £60

(a) Ba mhaith le Seán consól cluichí agus cluiche a cheannach.

Cé acu siopa atá níos saoire agus faoi cá mhéad?

Freagra _____ faoi £ _____ [4]

(b) Cad chuige ar féidir go ndéanfadh Seán an rogha is costasaí?

Freagra _____

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

2 Gearrann aerlíne £2.70 ar chupán caife agus £1.85 ar bhuidéal uisce.

(a) Díoladh 74 cupán caife ar eitilt.

Déan meastachán ar chostas iomlán na gcupán caife a bhí díolta.

Taispeáin do mhodh.

Freagra £ _____ [2]

(b) Caitheadh £77 san iomlán ar uisce le linn na heitilte.

Déan meastachán ar an líon buidéal uisce a bhí díolta.

Taispeáin do mhodh.

Freagra _____ buidéal [2]

3 **(a)** Marcáil léamh de 270 volta le saighead.



[1]

(b) Cad é an teocht, ina céimeanna Celsius, arb ionann í agus 100 céim Fahrenheit?



Freagra _____ °C [1]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Cad é an luas atá ar taispeáint?



Freagra _____ km/u [1]

4 Tá an daonra de gach contae i dTuaisceart Éireann ar taispeáint.

Contae	**Daonra**
Aontroim	620 000
Ard Mhacha	180 000
An Dún	540 000
Fear Manach	65 000
Doire	250 000
Tír Eoghain	180 000

Roghnaítear duine go randamach ón daonra i dTuaisceart Éireann.

(a) Cad é an contae ar lú an dóchúlacht go bhfuil an duine atá roghnaithe ina chónaí ann?

Freagra _____ [1]

(b) Cé acu contaetha a bhfuil an dóchúlacht chéanna ann go bhfuil an duine atá roghnaithe ina chónaí ansin?

Freagra _____ agus _____ [1]

(c) An ionann an dóchúlacht gur fireannach an duine atá roghnaithe agus an dóchúlacht gur baineannach an duine atá roghnaithe?

Ciorclaigh an freagra is fearr.

Is ionann Ní hionann Tá níos mó faisnéise de dhíth [1]

[Tiontaigh an leathanach

5 **Gach téarma**, cuirtear litir chun an bhaile má tá daltaí as láthair **níos mó ná** 20% de na laethanta.

Seo taifead tinrimh Pheadair do Bhliain 12

Cá mhéad litir a cuireadh chun an bhaile do Pheadar?

Ní mór duit do chuid oibre uilig a **thaispeáint**.

Téarma an Fhómhair	70 Lá	15 Lá as Láthair
Téarma an Earraigh	54 Lá	4 Lá as Láthair
Téarma an tSamhraidh	26 Lá	6 Lá as Láthair

Freagra _____ litir [3]

6 Foirmítear seicheamh leis an riail:

"Faigh an chéad téarma eile tríd an dá théarma roimhe sin a shuimiú"

Bain úsáid as an riail seo leis na seichimh thíos a chomhlánú.

(a) 1, 7, _____, _____, _____ [1]

(b) 3, −5, _____, _____, _____ [1]

(c) x, 4, _____, _____, _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

7 Tá 240 duine ag an phictiúrlann.

Tá 150 páiste ann.

Is cailíní iad $\frac{3}{5}$ de na páistí.

Is fireannaigh iad $\frac{2}{3}$ de na daoine fásta.

Deir Cara go bhfuil níos mó baineannach san iomlán ag an phictiúrlann.

An bhfuil sí ceart?

Taispeáin do chuid oibre uilig go soiléir.

Freagra _____ mar _____ [4]

8 Is féidir an polagán ABCDEF a roinnt ina thriantáin. Tá triantán amháin ar taispeáint.



Bain úsáid as triantáin le suim na n-uillinneacha inmheánacha den pholagán ABCDEF a oibriú amach.

Ní mór duit do chuid oibre a **thaispeáint.**

Freagra _____ ° [2]

[Tiontaigh an leathanach

9 Rothaíonn Seán óna bhaile go dtí teach a mhúinteora pianó maidin Dé Sathairn.

Fanann sé ansin ar feadh 30 nóiméad agus ansin filleann sé díreach ar an bhaile.



(a) Cad é an t-am a d'fhág Seán a bhaile?

Freagra _____ [1]

(b) Cá fhad a thóg sé ar Sheán teach a mhúinteora a bhaint amach?

Freagra _____ nóiméad [1]

Bhain Seán a bhaile amach ar 10:03

(c) Comhlánaigh an graf faid is ama. [1]

(d) Cad é an fad slí a thaistil Seán san iomlán?

Freagra _____ km [1]

(e) Ar thaistil Seán abhaile ar luas níos gasta nó níos moille?

Mínigh do fhreagra go soiléir.

Freagra _____ mar _____

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

10



Tá dhá bhosca licíní ann.

Tá uimhir ar gach licín mar atá taispeánta.

Tógann Mícheál licín amháin go randamach as Bosca 1 agus ansin licín amháin go randamach as Bosca 2

(a) Comhlánaigh an tábla le torthaí féideartha uilig na licíní atá tógtha a thaispeáint.

		Bosca 2			
		1	2	3	4
Bosca 1	2	(2, 1)	(2, 2)		
	4	(4, 1)			
	5				

[2]

(b) Cad é an dóchúlacht go dtógann Mícheál licín as gach bosca leis an uimhir cheanna air?

Freagra _____ [1]

(c) Déantar na huimhreacha ar na licíní atá tógtha a **iolrú.**

Cad é an dóchúlacht go dtabharfaidh an t-iolrú seo **ré-uimhir?**

Freagra _____ [1]

(d) Ar lá eile, tógann Lára licín amháin as gach bosca agus **iolraíonn** sí na huimhreacha le chéile.

Cuireann sí na licíní ar ais agus déanann sí an rud céanna arís 30 uair san iomlán.

Cá mhéad uair a bheifeá ag dúil léi **corruimhir** a fháil mar fhreagra?

Freagra _____ [3]

[Tiontaigh an leathanach

11 Déan meastachán ar luach $\dfrac{593}{4.1 \times 9.7}$

Taispeáin do chuid oibre uilig.

Freagra _____ [2]

12 Déantar airgead na duaise i gcomórtas gailf a roinnt idir an triúr galfairí a chríochnaíonn sa chéad áit, sa dara háit agus sa tríú háit sa chóimheas 7 : 4 : 3

Cad é an **codán** d'airgead na duaise a fhaigheann gach duine den chéad triúr galfairí?

Scríobh gach codán ina fhoirm is simplí.

Freagra 1ú _____ 2ú _____ 3ú _____ [3]

13



(a) Cuir síos ina iomláine ar an trasfhoirmiú shingil a dhéanfadh cruth P a bhogadh go dtí cruth Q.

Freagra _____ [3]

(b) Aistrigh cruth P faoi 2 aonad ar dheis agus 5 aonad síos.

Cuir lipéad T ar an íomhá. [1]

(c) Cuir síos ina iomláine ar an trasfhoirmiú shingil a bhogfadh cruth T ar ais go dtí cruth P.

Freagra _____ [2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12509.04

20GMC5118

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12509.04

20GMC5119

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.